Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9253/22**

**SOC 275**
**EMPL 172**
**SAN 273**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Chrysanthos SAVVIDES, comhalta malartach don Chipir, in ionad Anastassios YIANNAKI, atá éirithe as |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Anastassios YIANNAKI éirithe as bheith ina chomhalta malartach den Choiste thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Chipir).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh 2003/C 218/01[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Cipire le teacht in ionad an chomhalta mhalartaigh atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2025:

Chrysanthos SAVVIDES
Senior Labour Inspection Officer
Department of Labour Inspection
Ministry of Labour and Social Insurance
1304 Nicosia, Cyprus
ríomhphost: csavvides@dli.mlsi.gov.cy

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír 'A'; agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003[2] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[3], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Anastassios YIANNAKI as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Cipire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[3] IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Chrysanthos SAVVIDES ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Anastassios YIANNAKI ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., an...

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán